

Comhroinnt Sonraí san Earnáil Phoiblí



Comhroinnt Sonraí san Earnáil Phoiblí

Réamhrá

Tá daoine aonair a mbailítear, a stóráiltear, a gcomhroinntear nó a 'bpróiseáiltear' a gcuid sonraí pearsanta ar aon slí eile ('ábhair sonraí') i dteideal a bheith ag súil go ndéileálfadh comhlachtaí na hearnála poiblí lena gcuid sonraí pearsanta ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach. Níor chóir a gcuid sonraí a phróiseáil ach amháin sa chás go bhfuil sé ábhartha, tábhachtach agus riachtanach le seirbhísí poiblí a chur ar fáil dóibh nó chun tabhairt faoi fheidhm poiblí eile. Tacaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) go hiomlán leis an aidhm seirbhísí poiblí atá níos éifeachtúla agus níos dírithe ar an gcustaiméir a fhorbairt maidir leis sin, de réir cheanglais an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), na Treorach um Fhorfheidhmiú an Dlí (LED), agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

Níos tábhachtaí, ní mór go dtabharfaidh sé seo san áireamh nach mór go mbeidh na hábhair sonraí ar an eolas maidir leis an mbealach a mbaintear úsáid as a gcuid sonraí pearsanta agus an cuspóir atá leis sin, cé aige/aici a bhfuil rochtain orthu agus cén tionchar a bheidh ag comhroinnt na faisnéise seo orthu. Dá bhrí sin, cé go dtugann comhroinnt sonraí buntáistí i dtéarmaí seachadadh éifeachtúil seirbhísí poiblí, ní mór é a dhéanamh ar bhealach a léiríonn meas ar chearta daoine aonair i leith caitheamh go cúramach lena gcuid sonraí pearsanta agus nach bhfuil na sonraí pearsanta sin á rochtain ná á n-úsáid gan cúis mhaith a bheith leis.

Dá réir sin, molann an DPC gur chóir go mbeidh bunús ag na socruithe maidir le comhroinnt sonraí go léir san earnáil poiblí, go ginearálta:

- Sa reachtaíocht phríomha;
- Údar soiléir a bheith le gach gníomhaíocht maidir le comhroinnt sonraí;
- Go ndéanfar soiléir do dhaoine aonair go bhféadfaí a gcuid sonraí a chomhroinnt agus an chúis leis an gcomhroinnt sin;
- A bheith comhréireach i dtéarmaí feidhmithe agus an cuspóir/na cuspóirí atá le baint amach;
- A laghad sonraí is féidir a chomhroinnt le cuspóir na seirbhíse poiblí atá luaite a bhaint amach;
- Rialúcháin dhiana rochtana agus slándála a bheith i bhfeidhm; agus
- Diúscairt slán na sonraí comhroinnte a chinntiú.

Chuir an DPC fáilte roimh an gcinneadh ó Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i gcás [Bara & Others \(C-201/2014\)](#), agus thug an treocht láidir a bhí ag teacht ón gciall a bhain an CJEU as an dlí cosanta sonraí ar aird (sa chás sin sular tháinig an GDPR, an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí) ar mhaithe le cearta daoine aonair a chosaint i gcomhthéacs na húsáide a bhaineann an earnáil poiblí as sonraí pearsanta a threisiú.

Rinne breithiúnas Bara, a dhírigh ar an socrú maidir le comhroinnt sonraí na hearnála poiblí, athdhearbhú ar an tábhacht a bhaineann leis na hábhair sonraí a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseáil atá á déanamh ar a gcuid sonraí pearsanta (a áiríonn comhroinnt na sonraí pearsanta seo), mar go bhfuil tionchar aige ar na hábhair sonraí agus iad ag feidhmiú a gcuid cearta, ar nós ceart rochtana chuig a gcuid sonraí pearsanta, a gceart chun ceartú a dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta atá á bpróiseáil, agus an ceart chun cur in aghaidh próiseáil a dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta.

Tá sé tábhachtach go luaitear arís ón tús nach mór go mbeidh an phróiseáil go léir a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin GDPR ag comhlíonadh prionsabail cosanta sonraí (mar a leagtar amach in Airteagal 5 agus ar fud an GDPR), go mbeidh 'bunús dlí' acu faoi Airteagal 6 den GDPR (le dlisteanú a dhéanamh agus chun údar a bheith leis an bpróiseáil), agus ag comhlíonadh na gceanglas faoi Ailt 12-14 (chun faisnéis maidir leis an bpróiseáil seo a chur ar fáil do gach ábhar sonraí). Sa bhreis air sin, i gcásanna ina bhfuil próiseáil á déanamh ar 'chatagóirí speisialta' sonraí pearsanta atá íogair, ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí ceanglais Airteagal 9 den GDPR a chomhlíonadh chomh maith leis na ceanglais eile seo.

Mar a chéile, ní mór go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí na hearnála poiblí chun críocha forfheidhmithe dlí agus a thagann laistigh de raon an LED ag comhlíonadh oibleagáidí agus ceanglais den chineál céanna atá leagtha amach i gcuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí.¹

Tugann an DPC an sliocht le gairid ón [Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019](#) ar aird freisin, an cuspóir luaite a bhfuil sé i gceist leis bunús dlí ginearálta a sholáthar le sonraí idir comhlachtaí poiblí a chomhroinnt, chomh maith le cosaintí cuí breise a leagan amach inar chóir comhroinnt a dhéanamh fúthu.² Cé gur chóir go mbeadh comhlachtaí na hearnála poiblí ar an eolas maidir leis na rialacha agus leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht seo, tá siad seo sa bhreis ar na prionsabail ghinearálta atá riachtanach faoin dlí cosanta sonraí, a ndéileáiltear leo sa nóta teorach seo. Ba chóir do chomhlachtaí na hearnála poiblí a chinntiú, le linn dóibh a bheith ag tabhairt faoi athbhreithniú ar na socruithe maidir le comhroinnt sonraí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, go mbreithnítear agus go bhfeidhmítear na treoirínte sárchleachtais seo a leanas mar is cuí.

Dlíthiúlacht agus Bunús Dlí

Is é an chéad phrionsabal a bhaineann le próiseáil sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5 den GDPR nach mór próiseáil de chineál ar bith a dhéanamh ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach.

Níor chóir do chomhlachtaí poiblí, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil comhroinnt sonraí dleathach, ach amháin sonraí pearsanta a chomhroinnt nuair atáthar ag cloí leis an méid atá thuas sa bhreis ar na prionsabail eile atá leagtha amach in Airteagal 5 – teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht agus cuntasacht – chomh maith leis an gceanglas bunús dlí a bheith le próiseáil sonraí pearsanta faoi Airteagal 6.

Ba chóir go mbeadh an cuspóir beartais phoiblí atá á leanúint ó thaobh socrú comhroinnt sonraí áirithe, chomh maith leis an mbunús dlí atá leis an bpróiseáil atá i gceist, a bheith soiléir agus trédhearcach. Ba chóir measúnú a dhéanamh maidir le cibé an bhféadfadh na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith cothrom le cearta cosanta agus príobháideachais sonraí an duine aonair. Ba chóir go gcinnteofaí freisin gur ar mhaithe le cuspóirí sonracha, soiléire agus dlisteanacha atá an chomhroinnt á déanamh agus nach ndéanfar níos mó próiseála ar shonraí pearsanta ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach leis na cuspóirí bunaidh. Ba chóir go mbeadh na sonraí pearsanta atá á gcomhroinnt leordhóthanach, ábhartha agus teoranta go dtí an méid atá riachtanach leis an gculpóir/na cuspóirí a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach, nuair atáthar ag déanamh cinneadh ó thaobh dul i mbun comhroinnt sonraí pearsanta (mar sholáthróir, faighteoir nó an péire le chéile), an cuspóir atá i gceist a bhaint amach a aithint. Ba chóir do chomhlachtaí na hearnála poiblí, agus an méid sin á dhéanamh acu, na buntáistí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, do dhaoine aonair nó don tsochaí ó thaobh na

¹ Féach Ailt 69 go 104 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

² De réir láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag <https://www.per.gov.ie/en/datasharing/>

sonraí a chomhroinnt, a bhreithniú. Ba chóir tabhairt faoi mheasúnú freisin maidir leis na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann sa chás nach ndéanfaí na sonraí a chomhroinnt.

Ní mór, mar a sheas an CJEU i gcás [Cearta Digiteacha in Éirinn \(C-293/2012\)](#), go bhfreastalóidh aon bheart reachtach atá achtaithe chun bunús dlí a sholáthar do phróiseáil sonraí pearsanta, ar thástáil comhréireachta, a bheith ina chéim chuí i leith freastal ar na cuspóirí dlisteanacha atá á leanúint sa reachtaíocht atá faoi chaibidil, agus nach sáraítear na teorainneacha maidir le cad atá cuí agus riachtanach ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach.³

Ní mór do chomhlachtaí poiblí an liosta seiceála nach bhfuil uileghabhálacha seo a leanas a mheas ón tús nuair atáthar i mbun measúnaithe ar an socrú maidir le comhroinnt sonraí (mar sholáthróir, faighteoir nó an péire le chéile):

- **An socrú atá i gceist a bhaint amach a aithint.** Ba chóir go mbeidh sraith cuspóirí atá intuigthe go soiléir ag gabháil leis na socruithe go léir maidir le comhroinnt sonraí atá doiciméadaithe agus taifeadta.
- **Cibé an féidir an cuspóir a bhaint amach gan na sonraí a chomhroinnt nó é a dhéanamh anaithnid, a aithint.** Ba chóir go mbeadh sé mar sheasamh réamhshocraithe anailís a dhéanamh cibé an gá na sonraí pearsanta a chomhroinnt ar an gcéad dul síos ar mhaithe leis an sprioc/na spriocanna a bhaint amach.
- **An laghad faisnéise agus is féidir atá riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach a aithint.** Níor chóir go mbeidh ach a laghad faisnéise pearsanta is féidir á gcomhroinnt sna socruithe comhroinnthe go léir le cuspóirí an chomhlachta a bhaint amach.
- **Aon rioscaí a d'fhéadfadh comhroinnt sonraí a chruthú a aithint.** Nuair atáthar ag breithniú cibé comhaontú comhroinnt sonraí a chur ar bhonn reachtach ba chóir measúnú a dhéanamh ar an bhfíric go bhféadfadh comhroinnt den sórt sin cur leis an drogall a bhíonn ar dhaoine aonair ó thaobh sonraí pearsanta atá cruinn a chur ar fáil do chomhlachtaí na hearnála poiblí. Ba chóir go dtógfaí san áireamh aon tionchar diúltach díréireach a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar chodanna áirithe den tsochaí.
- **A aithint cén uair agus cé chomh minic is cóir sonraí a chomhroinnt.** Tá dea-chleachtas i gceist le doiciméadú a dhéanamh ar an méid seo agus a leagan amach cibé an mbeidh socrú comhroinnthe leanúnach nó tréimhsiúil nó cibé a dtarlóidh sé mar fhreagra ar shraith áirithe imeachtaí.
- **Breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil Measúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) riachtanach.** Is féidir úsáid a bhaint as DPIA'anna le haon rioscaí a bhaineann le cosaint sonraí agus a eascraíonn as tionscadal nua, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhlacht poiblí nó ar dhaoine aonair a mbíonn an comhlacht poiblí rannpháirteach ann a aithint agus a mhaolú.⁴

Bunús Dlí

³ Tabhair ar aird freisin in Airteagal 52 de Chearta Bunúsacha an Duine, faoi nach mór foráil a dhéanamh d'aon teorannú ar na cearta seo trí bhonn reachtúil agus faoi réir ag prionsabail na comhréireachta, ní féidir teorannú a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil sé riachtanach agus go bhfreastalaíonn sé i ndáiríre ar na cuspóirí leasa ginearálta nó ar an ngá le cearta agus leasanna daoine eile a chosaint.

⁴ Féach treoir an DPC ar na DPIA'anna le tuilleadh mionsonraí a fháil ag <https://www.dataprotection.ie/ga/guidance-landing/oibriochtaí-proiseála-sonraí-dteastaíonn-measúnu-tionchair-ar-chosaint-sonraí-ina>

Mar a luaitear thuas, ní mór go mbeidh bunús dlí ann le sonraí pearsanta a chomhroinnt idir comhlachtaí poiblí, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 6 den 6 GDPR. Cé go bhfuil líon bunús dlí féideartha ann faoi Airteagal 6 den GDPR, i bhformhór na gcásanna,⁵ is dóigh go bhfuil an bunús dlí is cuí le fáil in Airteagal 6(1)(e) – *“tá an próiseáil riachtanach chun tasc a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i ndáil le húdarás oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir”*. Leanann Airteagal 6(3) den GDPR ar aghaidh lena shainmhíniú nach mór go mbeidh an bonn d’aon phróiseáil den sórt sin a bheith leagtha síos i ndlí AE nó i nDlí na hÉireann, agus gur chóir go bhfreastalódh an dlí ar chuspóir a bhaineann le leas an phobail agus beidh sé i gcomhréir leis an aidhm dhleathach atá á saothrú.

Molann an DPC (sa chás gur cuí) go dtugtar breac-chuntas soiléir i leith choinníollacha an tsocraithe maidir le comhroinnt sonraí agus iad mionsonraithe go leordhóthanach sa reachtaíocht phríomha nó mar mhalairt air sin, sa reachtaíocht thánaisteach (ar an gcoinníoll go bhfuil reachtaíocht phríomha ann) nach bhfágann, ar an mbealach sin, aon chúis le mearbhall nó amhras maidir le nádúr an tsocraithe agus le cinnteacht dhlíthiúil a chur ar fáil.⁶ Ba chóir go n-aithneodh reachtaíocht go soiléir (nó beart rialála atá bunaithe ar bheart reachtach) comhlachtaí na hearnála poiblí atá i gceist, an fhaisnéis a bheidh á comhroinnt agus an cuspóir/na cuspóirí a bhaineann leis an bhfaisnéis a chomhroinnt. Ba chóir do chomhlachtaí na hearnála poiblí a chinntiú freisin go bhfuil cosaintí atá leordhóthanach, cuí agus ábhartha curtha i bhfeidhm le cearta sonraí an duine aonair a chosaint. Beidh dul i gcomhairle leis an DPC, de réir Airteagal 36(4) den GDPR, mar cheanglas freisin le linn a bheith i mbun ullmhaithe ar thogra den sórt sin.

Mar mhalairt air sin, is féidir i gcásanna áirithe ó thaobh comhroinnt sonraí ag an earnáil phoiblí, sonraí pearsanta a chomhroinnt idir comhlachtaí poiblí chun críocha forfheidhmithe dlí. Sa chás go dtugtar faoi phróiseáil sonraí pearsanta chun na críocha seo, is dóigh go mbeidh sé clúdaithe san LED, seachas sa GDPR. Aistrítear an LED isteach go dlí na hÉireann trí Chuid 5 (m.sh. ailt 69-104) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Ní mór go mbeidh an phróiseáil riachtanach chun feidhmiú feidhm ‘údarás inniúil’ atá mar chomhionann bunús dlí faoin LED (a shainmhínítear faoi alt 69-104) chun críocha ‘cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear cosaintí ina aghaidh agus cosc a chur ar bhagairtí slándála poiblí’, nó ‘chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú’.

Trédhearcacht

An Dlí

Ní mór sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil ar bhealach trédhearcach. Maidir le hoibleagáidí comhlachtaí poiblí faoi phrionsabal na trédhearcachta, tá oibleagáidí sonracha ann ó thaobh Airteagal 13 agus 14 den GDPR ó thaobh faisnéis a chur ar fáil d’ábhair sonraí; sa chás go bhfaigheann comhlacht poiblí sonraí pearsanta go díreach ó ábhar sonraí, agus sa chás go bhfaigheann an comhlacht poiblí faisnéis maidir le sonraí pearsanta trí bhealach éigin eile, eadhon.

⁵ Maidir le boinn reachtúla eile, mar shampla, luaitear go sonracha in Airteagal 6(1) den GDPR nach féidir le húdarás áitiúla a bheith ag brath ar bhonn reachtúil ‘leasanna dlisteanacha’ i bhfeidhmiú a gcuid tascanna mar chomhlachtaí na hearnála poiblí; ar an gcaoi chéanna, má tá údarás poiblí ag iarraidh brath ar bhunús dlí maidir le ‘toiliú’ ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an toiliú ‘tugtha go neamhsrianta’ ar féidir leis a bheith deacair ó thaobh a leithéid a chruthú sa chás go bhfuil neamhchothroime suntasach cumhachta idir an ábhar sonraí agus an rialaitheoir.

⁶ Aithníonn an DPC, cé nach mór go mbeidh bonn ag socruithe maidir le comhroinnt sonraí sa reachtaíocht phríomha, gur féidir le comhlachtaí na hearnála poiblí, ag tráth níos déanaí agus sula ndéantar aon sonraí a chomhroinnt, breac-chuntas a thabhairt maidir le mionsonraí an tsocraithe tríd an méid sin a leagan amach i reachtaíocht thánaisteach ar nós ionstraim reachtúil nó trí bhearta rialála ar nós Meabhrán Tuisceana a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Sa chéad chás, de réir Airteagal 13 den GDPR, nuair a bhailítear sonraí pearsanta go díreach ón ábhar sonraí, ní mór do rialaitheoir sonraí an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar (mura bhfuil an fhaisnéis acu cheana féin) ag an am a bhfaigheann siad na sonraí pearsanta:

- Céannacht agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí;
- Mionsonraí teagmhála don Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) (más infheidhme);
- An chúis agus an bunús dlí atá le comhroinnt sonraí;
- Aon fhaighteoir/faighteoirí eile na sonraí pearsanta;
- Mionsonraí maidir le haon aistrithe chuig tríú tíortha atá i gceist (nach ballstáit de chuid an AE iad) nó eagraíocht idirnáisiúnta agus mionsonraí maidir le cinntí leordhóthanacha agus cosaintí;
- An tréimhse choinneála (cén t-achar a choinníonn an rialaitheoir sonraí na sonraí) nó, mura bhfuil sé sin indéanta, an critéar atá in úsáid chun tréimhse choinneála a chinneadh;
- Na cearta éagsúla atá ag an ábhar sonraí;
- Sa chás próiseáil a bheith bunaithe ar thoiliú, an ceart chun toiliú a tharraingt siar ag tráth ar bith, gan tionchar a bheith ar dhlíthiúlacht na próiseála bunaithe ar thoiliú a bheith tarraingthe siar;
- An ceart chun gearán a lóisteáil leis an DPC;
- Cibé ar cheanglas nó oibleagáid reachtúil atá sa soláthar sonraí agus na himthosca a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcuirtear na sonraí pearsanta ar fáil, agus
- Aon phróisis cinnteoireachta uathoibríocha atá ann a mbainfear úsáid astu i leith na sonraí pearsanta, lena n-áirítear, próifiliú, agus faisnéis fhiúntach maidir le conas atá cinntí á ndéanamh, agus torthaí na próiseála.

Sa dara chás, sa chás sonraí pearsanta a bheith faighte ag comhlacht poiblí seachas go díreach ón ábhar sonraí, foráiltear in Airteagal 14 den GDPR freisin nach mór don rialaitheoir sonraí an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar sa bhreis ar an fhaisnéis atá thuas, laistigh de thréimhse réasúnach (laistigh d'aon mhí amháin ar a laghad):

- Na catagóirí sonraí pearsanta atá i gceist; agus
- An fhoinse ón bhfuarthas na sonraí pearsanta, agus cibé ar tháinig siad ó fhoinse atá inrochtana go poiblí.

Mar sin, tá oibleagáid shoiléir ann na hábhair sonraí a chur ar an eolas maidir leis an mbealach ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil nó a mbeidh siad á bpróiseáil, agus ní mheasfar an phróiseáil a bheith cothrom, dleathach agus trédhearcach mura dtugtar faisnéis shonrach d'ábhar sonraí maidir le céannacht an rialaitheora, cé leis a nochtfar na sonraí agus na cúiseanna a bhfuil na sonraí le próiseáil.

Is í an réasúnaíocht atá taobh thiar de na ceanglais trédhearcachta má tá an phróiseáil le bheith cothrom, ní mór go mbeidh an ábhar sonraí i riocht ina bhfuil sé/sí ar an eolas maidir leis an oibríocht próiseála, rochtain a bheith aige/aici ar an fhaisnéis agus mar gheall air sin a bheith in ann a gcuid cearta mar ábhair sonraí a fheidhmiú maidir leis an bpróiseáil atá á dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta.

Molann an DPC freisin, go mbreithneoidh rialaitheoirí sonraí na hearnála poiblí na treoirlínte ar na ceanglais trédhearcachta faoin GDPR a cuireadh ar fáil trí Mheitheal Oibre Airteagal 29 agus ar

thacaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí leis ansin (an 'EDPB' – a tháinig i ndiaidh Mheitheal Oibre Airteagal 29).⁷

Eisceachtaí agus Srianta

An t-aon eisceacht atá ann ó thaobh an cheanglais faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 13 den GDPR, ná sa chás an fhaisnéis a bheith ag an ábhar sonraí cheana féin. Faoi Airteagal 14 den GDPR, nuair a fhaightear sonraí pearsanta ó fhoinse eile seachas an ábhar sonraí, d'fhéadfadh sé nár ghá do chomhlachtaí poiblí faisnéis áirithe a chur ar fáil sa chás go bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana féin, ach freisin i gcásanna ina mbeadh soláthar na faisnéise dodhéanta, ina mbeadh iarracht díréireach i gceist, nó an gcuirfeadh sé as go mór do chuspóirí próiseála sonraí, nó sa chás go bhfuil na sonraí riachtanach ó thaobh an dlí nó nach mór na sonraí pearsanta a choinneáil faoi rún faoi réir ag oibleagáid ghairmiúil nó reachtúil rúndachta.

Sainordaítear in Airteagal 23 go dteastaíonn Dlí ar leith Ballstáit nó Aontais (bearta sonracha reachtaíochta) chun srian a chur ar scóip na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear dóibh in Airteagail 12 – 22 agus Airteagal 34 (agus Airteagal 5 sa mhéid go gcomhfhreagraíonn na prionsabail siúd do na cearta a bhronntar sna hAirteagail thuasluaite). Deimhnítear in Airteagal 23, trí liosta críochnaitheach ceanglas a leagann amach nach mór a chomhlíonadh chun srian a chur i bhfeidhm go dleathach, nach mór scóip theoranta a bheith ag aon bheart a úsáidtear chun cearta ábhar sonraí a shrianadh agus nach mór é a chur i bhfeidhm ar bhealach atá riachtanach, comhréireach agus sonracha atá dian.

Tá forálacha áirithe san Acht um Chosaint Sonraí 2018 ina ndéileáiltear leis na srianta ar chearta daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear ailt 59, 60 agus 61 go háirithe, ina dtugtar tuilleadh éifeachta d'fhorálacha Airteagal 23 den GDPR. Ba chóir forálacha ábhartha an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a léamh in éineacht. Déileáiltear go sonracha in Alt 60 leis na srianta ar oibleagáidí rialaitheoirí agus ar chearta ábhar sonraí ar mhaithe le cuspóirí tábhachtacha lena mbaineann leas ginearálta an phobail.⁸

Tá sé socraithe anois i gcásdlí Eorpach, áfach, gur chóir aon díolúintí a fheidhmiú ar bhonn an-chúng ar mhaithe le cearta bunúsacha cosanta sonraí an duine aonair a chosaint agus seasamh leo.⁹ Ní féidir brath ar aon díolúine a bhfuil tionchar aici ar chearta cosanta sonraí an duine aonair ach amháin sa chás go bhfuil díolúine den sórt riachtanach agus comhréireach. Dá bhrí sin, má bhaineann comhlacht poiblí leas as eisceacht ó cheanglais faisnéis áirithe a sholáthar do na hábhair sonraí, ba chóir go mbeidh ar a gcumas a léiriú gur beart riachtanach agus comhréireach atá i gceist, mar shampla, nuair a chuirfeadh scaoileadh amach na faisnéise seo as do bhaint amach an chuspóra maidir le comhroinnt sonraí.

Is í an cheist do chomhlachtaí na hearnála poiblí cinneadh a dhéanamh maidir le cibé a bhfuil siad sásta go bhfreastalaíonn mionsonraí soiléire an tsocraithe maidir le comhroinnt sonraí, a dtugtar breac-chuntas orthu mar chuid de bheart reachtaíochta níos leithne mar atá leagtha síos i dteanga

⁷ Treoirlínte ar Trédhearcacht faoin Rialachán 2016/679 (wp260rev.01), ag https://ec.europa.eu/newsroom/article29/item-detail.cfm?item_id=622227

⁸ Féach treoir an DPC maidir le srianta ar chearta de bhun Airteagal 23 den GDPR, at <https://www.dataprotection.ie/ga/guidance-landing/cearta-abhar-sonrai-theorannu-agus-airteagal-23-den-rialachan-ginearalta-chur-i>

⁹ Féach mar shampla, cásanna an ECtHR *Delcourt* (17 Eanáir 1970), agus *Klass v Germany* (1978) a léiríonn nach mór féachaint go sriantach ar aon teorannú a fhorchuirtear ar cheart bunúsach agus a thabhairt ar aird freisin, mar shampla comhchásanna an ECJ de C- 293/12 & C-594/12 (*Cearta Digiteacha in Éirinn*)

dhlíthiúil, ar cheanglais trédhearcachta agus an gcuireann siad faisnéis leordhóthanach ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí.

Molann an DPC gurb é an seasamh réamhshocraithe a chóir a bheith ag comhlachtaí na hearnála poiblí atá i gceist na mionsonraí iomlána maidir le socruithe comhroinnt sonraí a mhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ina leith i dteanga atá simplí do na daoine lena mbaineann siad.

Conas Cumarsáid a Dhéanamh

Aithníonn an DPC gur suas do gach comhlacht de chuid na hearnála poiblí cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach leis an duine aonair a chur ar an eolas; ba chóir do chomhlachtaí na hearnála poiblí, áfach, a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis inrochtana go héasca, agus ar an mbealach sin nach bhfuil aon ghá do na hábhair sonraí dul ar a tóir – ba chóir go mbeadh naisc, comharthaí agus/nó míreanna aníos atá soiléir ann agus a threoróidh na hábhair sonraí chuig an bhfaisnéis atá á lorg acu.

D'fhéadfadh sé a bheith inghlactha i roinnt cásanna fógra faisnéise a bheith ar fáil ionas go mbeidh ar chumas daoine é a rochtain más mian leo – cé nach mór go mbeadh sé seo fógartha go soiléir agus inrochtana go héasca – go háirithe nuair is ionann comhroinnt sonraí agus rud éigin is dóigh a mbeidh daoine ar an eolas ina leith cheana féin. I gcásanna eile, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an cur chuige seo inghlactha agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fógra, mar shampla, a léiríonn go gníomhach agus go díreach (mar shampla, litir a sheoladh, ríomhphost a scaipeadh, srl.) chuig gach ábhar sonraí, agus mar mura ndéantar é sin d'fhéadfadh sé a bheith míchothrom do dhaoine aonair.

Éilítear in Airteagal 12 den GDPR go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do na hábhair sonraí gonta, trédhearcach, intuigthe, agus inrochtana go héasca; ní mór úsáid a bhaint as teanga atá soiléir agus simplí, go háirithe nuair atáthar ag cur faisnéise ar fáil do leanaí; ní mór an fhaisnéis a bheith i scríbhinn nó ar bhealaí eile, lena n-áirítear, nuair is cuí, trí bhealaí leictreonacha; sa chás go n-éilítear a leithéid, is féidir an fhaisnéis a chur ar fáil ó bhéal. Ní mór do rialaitheoirí sonraí iarracht a dhéanamh freisin an fhaisnéis a chur ar fáil i mbealach atá éifeachtúil agus beacht agus a sheachnaíonn an iomarca faisnéise.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an modh cumarsáide is fearr a oireann, ba chóir an liosta seiceála seo a leanas nach bhfuil uileghabhálach a mheas:

- An bhfuil sonraí pearsanta atá íogair nó ina 'catagóir speisialta' á gcomhroinnt ag comhlacht na hearnála poiblí?¹⁰
- An bhféadfadh sé nach mbeadh daoine aonair ag súil le nó nach mbeadh comhroinnt sonraí inghlactha do dhaoine aonair?
- An dóigh go mbeadh an duine aonair ag fulaingt aon díobháil mar thoradh ar an socrú maidir le comhroinnt sonraí?
- An mbeidh tionchar suntasach ag comhroinnt sonraí ar an duine aonair?
- An bhfuil comhroinnt sonraí forleathan nó an bhfuil eintitis i gceist agus go bhféadfadh sé nach mbeidh daoine aonair ag súil leo?

¹⁰ Féach Airteagal 9 den GDPR le sainmhíniú a fháil maidir leis na rialacha a ghabhann le 'catagóirí speisialta' sonraí pearsanta, lena n-áirítear: sonraí pearsanta a nochtann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnach nó fealsúnachta, ballraíocht ceardchumainn; agus sonraí bithmhéadracha a próiseáladh chun críche a aithint go huathúil duine nádúrtha, sonraí maidir le sláinte, sonraí maidir le saol gnéasach nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

- An bhfuiltear ag tabhairt faoin gcomhroinnt ar mhaithe le raon críocha difriúla?

Más "Tá" an freagra atá ar cheachtar de na ceisteanna seo, tugann sé le fios go láidir go bhféadfadh sé nár mhór do chomhlacht na hearnála poiblí na mionsonraí a mheas maidir leis an socrú ó thaobh comhroinnt sonraí a chur in iúl go gníomhach do gach duine aonair.

Cé a Dhéanann Cumarsáid?

Tá sé tábhachtach go n-oibríonn comhlachtaí na hearnála poiblí atá bainteach le comhroinnt sonraí le chéile lena chinntiú go mbeidh a fhios ag na daoine aonair atá i gceist cé aige/aici a bhfuil a gcuid sonraí nó cé aige/aici a mbeidh a gcuid sonraí agus cé lena aghaidh a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á n-úsáid nó a mbeidh a gcuid sonraí pearsanta á n-úsáid.

Bá chóir gur ar chomhlacht na hearnála poiblí a bhailigh na sonraí a chéad lá riamh a bheidh an fhreagracht phríomhúil ó thaobh na faisnéise a chur in iúl do dhaoine aonair. Chomh maith leis sin, ba chóir aon socrú maidir le comhroinnt sonraí a bheith léirithe i gcomhaontú maidir le comhroinnt sonraí agus ba chóir go leagfaí amach na rialacha coitianta sa chomhaontú sin, (lena n-áirítear, na freagrachtaí a chur in iúl) idir na comhlachtaí. Tá oibleagáid ar chomhlacht na hearnála poiblí atá ag fáil na sonraí pearsanta freisin an duine aonair a chur ar an eolas.

Íoslághdú Sonraí

Mar a luaitear thuas, mar chuid de shocrú comhroinnte sonraí na hearnála poiblí, níor chóir ach an t-íosmhéid sonraí pearsanta atá riachtanach a chomhroinnt leis an gcuspóir a bhaint amach, de réir phrionsabal an 'íoslághdaithe sonraí' mar a leagtar amach in Airteagal 5 den GDPR. Ba chóir go mbeidh na sonraí pearsanta 'leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach ó thaobh na gcuspóirí ar próiseáladh iad'. In go leor cásanna d'fhéadfadh sé nach mbeadh riachtanach ach "tá" nó "níl" maidir le cibé a bhfuil an duine aonair, mar shampla, ina shealbhóir/ina sealbhóir ceada nó ceadúnais.

Ní mór go mbreithneoidh comhlachtaí poiblí glacadh le beartais inmheánacha freisin agus bearta a chur i bhfeidhm a fhreastalaíonn, go háirithe, ar phrionsabail cosanta sonraí trí dhearadh agus trí chosaint sonraí de réir réamhshocráithe. D'fhéadfadh bearta den sórt sin, mar shampla, a bheith comhdhéanta de phróiseáil a íoslághdú, lena n-áirítear stóráil sonraí pearsanta nó ainm bréige a thabhairt nó na sonraí pearsanta a dhéanamh anaithnid chomh luath agus is féidir.

Rochtain agus Slándáil Sonraí

Ba chóir go mbeidh feidhm le ceanglais rialaithe agus slándála feabhsaithe i leith sonraí pearsanta a comhroinneadh agus a fuarthas mar chuid de shocrú comhroinnte sonraí ceadaithe, de réir oibleagáidí comhlachtaí poiblí faoi phrionsabal slándála sonraí, nó 'ionracas agus rúndacht'. Ba chóir rochtain chuig sonraí den sórt sin a bheith teoranta do líon an-bheag oifigeach, agus ba chóir do chomhlachtaí na hearnála poiblí leas a bhaint as bonn 'riachtanas eolais', ag cinntiú, ar an mbealach sin nach mbeidh rochtain ag eagraíochtaí eile ar shonraí pearsanta ach amháin nuair a theastaíonn sé agus nach mbeidh rochtain ach ag an bhfoireann ábhartha laistigh de na heagraíochtaí seo ar na sonraí. Ba chóir go dtabharfadh socruithe maidir leis seo aghaidh ar aon srianta riachtanacha ar shonraí pearsanta a bheidh á gcomhroinnt le tríú páirtithe.

Ba chóir do bhearta slándála aon fhéidearthacht ó thaobh sceitheadh sonraí a chur as an áireamh (nuair a chuirtear san áireamh an bhéim mhéadaithe atá ar fhreagracht an Stáit le sárúithe sonraí pearsanta a chosc agus an damáiste do chlú a bheadh mar thoradh sa chás go dteiptear sonraí pearsanta comhroinnte a chosaint). Tá sé tábhachtach go gcinnteoidh comhlachtaí na hearnála poiblí go gcosnaítear sonraí pearsanta ag gach céim den socrú, m.sh. le linn tarchur, fáil na sonraí agus an t-achar is a choinníonn ceachtar de na páirtithe na sonraí. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go mbeidh tuiscint ag an eagraíocht a fhaigheann na sonraí ar nádúr agus ar íogaire na sonraí atá á gcomhroinnt agus go gcruthaítear rialacha coitianta ar mhaithe le slándáil na sonraí.

Ón 25 Bealtaine 2018, tá ceanglas tugtha isteach ag an GDPR freisin nach mór d'eagraíocht sárúithe ar shonraí pearsanta a thuairisciú don údarás maoirseachta ábhartha, sa chás go gcuireann sárú riosca isteach ar dhaoine aonair. Ní mór d'eagraíochtaí tabhairt faoi sin laistigh de 72 uair an chloig ó fhaightear amach faoin sárú. Sa chás gur dóigh go mbeidh ard-riosca ann do na daoine a gcuirtear isteach orthu mar thoradh ar shárú, ní mór d'eagraíochtaí na daoine aonair seo a chur ar an eolas gan mórán moille. Tugadh isteach oibleagáidí den chineál céanna i gcomhthéacs an LED in Ailt 85 agus 86 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.¹¹

Coinneáil Sonraí

Ní mór sonraí pearsanta a cuireadh ar fáil mar chuid de shocrú comhroinnt sonraí a scriosadh go slán nuair nach dteastaíonn siad níos mó. Molann an DPC gur chóir do chomhlachtaí poiblí na coinníollacha agus an tréimhse a bhféadfaí na sonraí a choinneáil a shonrú agus go bhfuil coinníollacha den sórt sin riachtanach agus comhréireach ó thaobh an chuspóra atá le baint amach.

Ar aon dul le prionsabal 'teorannú stórála', mar a leagtar amach in Airteagal 5 den GDPR, níor chóir sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm a cheadaíonn na hábhair sonraí a aithint ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá leis na críocha lenar próiseáladh na sonraí pearsanta; cé go bhféadfaí iad a stóráil ar feadh tréimhsí níos faide sa mhéid is a dhéanfar próiseáil ar na sonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh de réir Airteagal 89(1) den GDPR, faoi réir ag bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a fheidhmiú.

Mar a luaitear thuas, ba chóir go gcinnteoidh comhlachtaí poiblí freisin go gcuireann siad na hábhair sonraí ar an eolas maidir le haon tréimhse/tréimhsí coinneála nó, mura bhfuil sé sin indéanta, an critéar a mbaintear úsáid as chun tréimhse choinneála dá sonraí pearsanta a chinneadh.

Rialachas

Níor chóir beag is fiú a dhéanamh d'aon chinneadh ó thaobh sonraí a chomhroinnt. Is é sin an cás, go mór mór nuair atá go leor sonraí á gcomhroinnt. Níor chóir cinntí den sórt sin a ghlacadh go mbeidh breithniú cuí déanta ag leibhéal ardbhainistíochta.

Beidh a gcuid freagrachtaí agus a gcuid dliteanais féin maidir leis na sonraí pearsanta atá á phróiseáil acu ar chomhlachtaí na hearnála poiblí atá bainteach leis an socrú maidir le comhroinnt sonraí. Tá sé tábhachtach go leagfaidh na heintitis seo atá bainteach leis an socrú maidir le comhroinnt sonraí sraith rialacha oibríochta coitianta amach a bheidh le glacadh i gcomhaontú

¹¹ Is féidir tuilleadh treorach a fháil ó thaobh fógraí maidir le sárú ar láithreán gréasáin an DPC, ag <https://dataprotection.ie/ga/organisations/know-your-obligations/proiseas-fogra-sharaithe-faoin-rgcs>

comhroinnt sonraí agus a ndéantar athbhreithniú orthu ansin ar bhonn rialta lena chinntiú go bhfuil an tionscnamh maidir le comhroinnt sonraí ag freastal ar a chuid cuspóirí, go leanann cosaintí ar aghaidh le haon riosca a chruthaítear a mheaitseáil, go bhfuil taifid cruinn agus cothrom le dáta, go gcloítear le beartas coinneála atá seasmhach ó thaobh na dtaifead go léir atá á gcoinneáil agus go bhfuil bearta slándála cuí i bhfeidhm i gcónaí.

Ba chóir cur síos soiléir ar róil agus ar fhreagrachtaí chomhlachtaí na hearnála poiblí in aon socrú maidir le comhroinnt sonraí a chur ar fáil don ábhar sonraí, go háirithe chun cuidiú leo a gcuid cearta cosanta sonraí a fheidhmiú.

Ar an gcaoi chéanna, i socruithe áirithe comhroinnt sonraí na hearnála poiblí, d'fhéadfadh eintiteas amháin a bheith ag feidhmiú mar 'phróiseálaí sonraí' don rialaitheoir sonraí. Tá oibleagáidí sa GDPR do rialaitheoirí sonraí agus do lucht próiseála sonraí araon. Ar oibleagáid amháin den sórt sin, tá an oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí agus ar lucht próiseála sonraí dul i mbun conradh atá ina cheangal de réir dlí a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta nuair atá próiseálaí fostaithe chun sonraí a phróiseáil ar threoir ó rialaitheoir.¹²

Faoin GDPR, éilítear ar rialaitheoirí sonraí áirithe Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ainmnithe a cheapadh,¹³ lena n-áirítear, na rialaitheoirí go léir ar údarais phoiblí nó comhlachtaí poiblí iad. Éilítear ar rialaitheoirí freisin mionsonraí maidir lena DPO a fhoilsiú agus na mionsonraí seo a chur ar fáil don DPC.¹⁴ Ba chóir do chomhlachtaí poiblí a gcuid oibleagáidí a mheas maidir le DPO a cheapadh agus maidir le rannpháirtíocht an DPO i bhforbairt aon socruithe maidir le comhroinnt sonraí.

Agus ar deireadh...

Má chuireann comhlacht na hearnála poiblí daoine ar an eolas maidir lena socrú comhroinnte sonraí agus má fhaigheann siad, mar thoradh air sin, líon tuairimí diúltacha nó údair imní, ba chóir do chomhlacht na hearnála poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar an socrú maidir leis an gcomhroinnt sonraí atá i gceist.

Go háirithe ba chóir don chomhlacht tabhairt faoin anailís ar na saincheistanna a ardaíodh agus cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir dul ar aghaidh nó leanúint ar aghaidh leis an méid sonraí atá á chomhroinnt acu. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh sé nár mhór don chomhlacht an méid sonraí atá á chomhroinnt acu nó na sonraí atá á gcomhroinnt acu le heagraíochtaí a laghdú.

Is dea-chleachtas a bheadh i gceist, in oibríochtaí comhroinnte sonraí ar scála mór, grúpaí fócais a bhunú le fiosrú a dhéanamh ar na húdair imní atá ag daoine aonair agus bealaí atá níos inghlactha go poiblí a fhorbairt chun déileáil leis na saincheistanna a raibh comhroinnt sonraí i gceist aghaidh a thabhairt orthu.

¹² Le tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le conarthaí den sórt sin, féach 'Treoirleabhar Praiticiúil do Rialaitheoir Sonraí chuig Conarthaí Próiseála Sonraí faoin GDPR' an DPC, ag <https://www.dataprotection.ie/ga/guidance-landing/treoir-phraiticiuil-maidir-le-conarthaí-idir-rialaitheoir-sonraí-agus-proisealái>

¹³ Féach an 'Treoir ar cháilíochtaí cuí d'Oifigeach Cosanta Sonraí' an DPC, ag <https://dataprotection.ie/ga/organisations/know-your-obligations/data-protection-officers/treoir-ar-chailíochtaí-iomchui>

¹⁴ Le tuilleadh mionsonraí a fháil ar riachtanais maidir le DPO'nna, féach Meitheal Oibre Airteagal 29 'Treoirlíne ar Oifigigh Cosanta Sonraí ('DPO'nna') (wp243rev.01)', (tacaithe ag an EDPB), ag https://ec.europa.eu/newsroom/article29/item-detail.cfm?item_id=612048